

Aonad 10 – Ceacht 8



Ceartha Tomhaltóirí Rólghlacadh - Leathanach an Mhúinteora



Cluasáin Harry

Nuair atá earraí fabhtach is faoin díoltóir atá sé aon fhadhb a chur i gceart mar is leis an díoltóir go mbíonn conradh agat nuair a cheannaíonn tú iad. I gcás Harry, is é an díoltóir ná an siopa a dhíol na cluasáin dó. Tá deisiú, aisíocaíocht nó earra ionaid ag dul dó. Rinne sé an rud ceart na cluasáin a thógáil ar ais go dtí an siopa leis an admháil – mar is ar an siopa atá an fhreagracht an fhadhb a réiteach agus ní ar an déantóir.

Maidir leis an mbealach is fearr ar aghaidh, ba cheart do Harry filleadh ar an siopa le cur in iúl dóibh go bhfuil a chearta tomhaltais ar eolas aige. Is é an siopa a dhíol na cluasáin dó agus iad amháin atá freagrach as an bhfadhb a réiteach. Níl aon dualgas ar Harry déileáil leis an déantóir. Má tá sé mishásta le freagra an tsiopa, ba cheart dó gearán oifigiúil a dhéanamh leo i scríbhinn. Ba cheart dó litir nó ríomhphost a scríobh, go dtí an duine nó an rannóg cheart – mar sin ba cheart dó na sonraí seo a fháil ionas go mbeidh sé in ann a ghearán a sheoladh go dtí an duine a bhíonn ag plé leo. Tá tuilleadh eolais faoi na bealaí gur féidir tabhairt faoin bpróiseas seo ar fáil ag www.ccpc.ie/consumers

Cócaireán Chiara

Nuair a cheannaíonn tú earra nó seirbhís, déanann tú conradh leo. I gcás Chiara, is leis an siopa atá an conradh seo déanta. Má tá fadhb leis an earra nó seirbhís, is faoin díoltóir atá sé an fhadhb seo a réiteach. Má bhíonn fadhb agat laistigh de 6 mhí ón am a cheannaíonn tú earra, glactar leis faoin reachtaíocht go raibh an fhadhb ann ón gcéad lá a cheannaigh tú é. Mar sin, tá Chiara i dteideal deisiú, earra ionaid, laghdú ar an bpraghas nó aisíocaíocht.

Maidir leis an mbealach is fearr ar aghaidh, ba cheart do Chiara gearán foirmeálta a dhéanamh leis an siopa. Tá tuilleadh eolais faoin bpróiseas seo ag www.ccpc.ie/consumers

Mura bhfaigheann Chiara freagra sásúil ón díoltóir, d'fhéadfadh sí an scéal a fhiosrú le 'Cúirt na nÉileamh Beag' – nó toisc go bhfuil cócaireán uaithi a fheidhmíonn, d'fhéadfadh sí leas a bhaint as an ráthaíocht atá aici. Is doiciméad í an ráthaíocht a fhaigheann tú ón déantóir a gheallann go ndéanfaidh siad an t-earra a dheisiú, nó earra ionaid a chur ar fáil ina áit, má bhíonn fadhb leis taobh istigh d'achar ama áirithe. Ach ní thagann ráthaíocht salach ar do chearta tomhaltais agus is ceart go mbeadh miondíoltóirí ar an eolas faoi seo.



Aonad 10 – Ceacht 8



Ceartha Tomhaltóirí

Rólghlacadh - Leathanach an Mhúinteora



Tolg Susan

Is deacair gan géilleadh nuair a fheiceann tú sladmhargadh! Ach ba cheart go mbeadh tairiscintí speisialta agus promóisin cruinn – gan tomhaltóirí a chur amú. Téann sé in aghaidh an dlí aon phraghas bréagach a fhógairt nó aon phraghas míthreorach a fhógairt. Mar shampla, má thugtar le fios go bhfuil praghas earra íslithe, ní mór go mbeadh an praghas níos airde i bhfeidhm ar feadh “tráth réasúnta ama” roimhe sin. Níl aon rud greanta i gcloch faoin sainmhíniú ar “tráth réasúnta ama” ach glactar leis go forleathan gur gá go mbeadh earraí ar shladmhargadh ar feadh 28 lá leanúnach sa trí mhí sular íslíodh an praghas.

Maidir leis an mbealach is fearr ar aghaidh, ba cheart go ndéanfadh Susan teagmháil leis an miondíoltóir chun bailíocht na tairisceana a fhiosrú leo. Mura bhfuil sí sásta leis an míniú ná an freagra a fhaigheann sí, ba cheart di teagmháil a dhéanamh leis an: *Competition and Consumer Protection Commission* ag 01 402 5555.

